AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2025
COM(2025) 757 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm

1. Réamhrá

Le Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm[1], cuirtear rialacha ar fáil chun rochtain ar chúram sláinte trasteorann san Aontas Eorpach atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a éascú. Chuige sin, aisíoctar othair as cúram sláinte i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus arna gcódú leis an Treoir. An tráth céanna, tá na Ballstáit fós freagrach as cúram sláinte leormhaith a chur ar fáil ina gcríoch. Tá feidhm ag an Treoir maidir le cúram sláinte trasteorann gan difear a dhéanamh don chreat dá bhforáiltear leis na Rialacháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta[2].

2. Bunús dlí

Leis an tuarascáil seo, tá na ceanglais tuairiscithe arna mbunú in Airteagal 17 de Threoir 2011/24/AE á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún. De bhun na forála sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 17(1), d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bearta a ghlacadh chun catagóirí sonracha táirgí íocshláinte nó feistí leighis a eisiamh ó aitheantas frithpháirteach oideas, i gcás inar gá sin chun an tsláinte phoiblí a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 11(5);
- critéir shonracha agus coinníollacha sonracha a ghlacadh nach mór do na Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna) a chomhlíonadh, agus na coinníollacha agus na critéir a cheanglaítear ar sholáthraithe cúraim sláinte ar mian leo dul isteach sna líonraí sin, lena n-áirítear critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar LTEnna agus chun faisnéis a mhalartú, mar a bheartaítear in Airteagal 12(5).

De bhun Airteagal 17(1) de Threoir 2011/24/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair a liostaítear in Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(5) ar feadh tréimhse 5 bliana. Féadfar an chumhacht sin a fhadú go huathoibríoch mura rud é go ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle í a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 18.

3. An tarmligean a fheidhmiú

Ó bhí an tuarascáil dheireanach[3] ann, níl na cumhachtaí tarmligthe a tugadh dó faoi Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(5) de Threoir 2011/24/AE feidhmithe ag an gCoimisiún.

4. Conclúid

Measann an Coimisiún gur gá fadú uathoibríoch 5 bliana a chur leis an tarmligean cumhachta dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) de Threoir 2011/24/AE. Níor tháinig athrú ar an réasúnaíocht atá le tarmligean na cumhachta.

Tá sé tábhachtach an fhéidearthacht a choinneáil an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an tsolúbthacht is gá a choinneáil ar bun sa chreat dlíthiúil;

[1] IO L 88, 4.4.2011, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/24/oj.
[2] IO L 166, 30.4.2004, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/883/oj agus IO L 284, 30.10.2009, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/987/oj.
[3] EUR-Lex - 52018DC0651 - GA - EUR-Lex.

- catagóirí sonracha táirgí íocshláinte nó feistí leighis a eisiamh ó aitheantas frithpháirteach oideas, i gcás inar gá sin chun an tsláinte phoiblí a chosaint; agus
- liosta na gcritéar sonrach agus na gcoinníollacha sonracha nach mór do na LTEnna a chomhlíonadh a leasú, mar aon leis na coinníollacha agus na critéir a cheanglaítear ar sholáthraithe cúraim sláinte ar mian leo dul isteach sna líonraí sin, mar a bheartaítear in Airteagal 12(4)(a).

Leis an tuarascáil seo, tá na ceanglais tuairiscithe arna mbunú in Airteagal 17(1) de Threoir 2011/24/AE á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.